




Comhaltaí agus Scairshealbhóirí

A gcuid dualgas agus a gcuid ceart



Treoir thapa



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Réamhrá

Tháirgeamar an leabhrán faisnéise seo chun míniú a thabhairt ar ról comhaltaí agus scairshealbhóirí i gcuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Cad is comhalta ann?

Is ionann comhalta agus duine d'úinéirí na cuideachta a bhfuil a (h)ainm curtha ar chlár na gcomhaltaí. Tarmligeann comhaltaí cumhachtaí áirithe chuig stiúrthóirí na cuideachta chun cur ar chumas na stiúrthóirí an chuideachta a rith thar a gceann.

Cad is scairshealbhóir ann?

Is ionann scairshealbhóir agus duine a cheannaíonn agus a shealbhaíonn scaireanna i gcuideachta a bhfuil scairchaipiteal aici. Is comhalta é/í a luaithe agus a dhéantar a (h)ainm a chur ar chlár na gcomhaltaí.

Níl aon scairchaipiteal ag a lán cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta, agus dá bharr sin, ní scairshealbhóirí iad a gcomhaltaí.

An mbíonn cearta cothroma ag na comhaltaí uile?

I roinnt cuideachtaí ag a bhfuil scairchaipiteal, is ionann vóta amháin agus gach scair. I gcuideachtaí eile, bíonn vóta amháin ag gach comhalta. Mar sin féin, féadann airteagail chomhlachais cuideachta socruithe vótála éagsúla a dhéanamh. Mar shampla, féadfaidh ranganna éagsúla scaireanna cearta éagsúla a thabhairt do scairshealbhóirí i ndáil leis an gcuideachta.

I dteannta sin, féadfar cearta aistrithe scaire comhalta a theorannú i gcuideachtaí príobháideacha. Mar shampla, is srianta coitianta iad go gcaithfidh comhalta ar mhian leis nó léi scaireanna a aistriú iad a thairiscint do chomhaltaí reatha na cuideachta ar dtús agus go gcaithfidh siad a cheadú do stiúrthóirí na cuideachta diúltú d'aistriú scaireanna chuig duine nach gceadaíonn siad.

Cad iad dualgais na gcomhaltaí?

Is é dualgas tábhachtach comhalta ná an t-airgead a íoc atá siad faoi dhliteanas a íoc de bharr a c(h)omhaltais. Má tá cuideachta á foirceannadh, caithfidh gach comhalta ranníocaíocht a dhéanamh chun cabhrú le fiacha na cuideachta a ghlanadh bunaithe ar a dteorainneacha dliteanais. I gcás cuideachta faoi theorainn scaireanna, níl comhaltaí tiomanta ach d'íoc as praghas na scaireanna atá leithroinnte orthu. I gcás cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, bíonn comhaltaí faoi dhliteanas chun méid suas le teorainn shocraithe a íoc, d'fhéadfadh an méid sin a bheith chomh híseal le €1. Mar sin féin, bíonn comhaltaí cuideachta le dliteanas neamhtheoranta faoi dhliteanas fiacha uile na cuideachta a íoc i gcás go ndéantar í a foirceannadh.

Tá sé riachtanach freisin go nglacfaidh comhaltaí páirt i maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na cuideachta agus ar fheidhmíocht a stiúrthóirí chun a leasanna airgeadais agus leasanna eile a chosaint.

Cad iad cearta na gcomhaltaí?

Luaitear cearta comhaltaí in Achtanna na gCuideachtaí agus i meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta (a 'bunreacht').

Faisnéis na cuideachta

Tá sé de cheart ag comhalta cóip de na cáipéisí cuideachta seo a leanas a fháil:

- meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta;
- rúin agus miontuairiscí cruinnithe ginearálta;
- cláir na cuideachta, lena n-áirítear, mar shampla, clár na gcomhaltaí;
- na ráitis airgeadais, tuarascáil stiúrthóirí agus tuarascáil an iniúcháora; agus
- ráitis airgeadais aon fho-chuideachta (cuideachta eile faoi úinéireacht na cuideachta) do na 10 mbliana seo caite.

Cruinnithe comhaltaí

Déanann comhaltaí vótála cuideachta cinntí ag a cruinnithe ginearálta le gnáthrúin nó le rúin speisialta. Déantar cinneadh le gnáthrúin le tromlach simplí (50% móide a haon) de na vótaí a chaitear ag an gcruinniú. Ní mór tromlach 75% a fháil chun cinntí a dhéanamh le rún speisialta. Bunaithe ar thaispeáint lámh, dearbhaíonn an cathaoirleach ar éirigh leis an togra nó ar cailleadh é. De ghnáth, beidh sin críochnaitheach ach amháin i gcás go n-iarrfar vóta foirmiúil.

Déantar formhór na míreanna faoi ghnó cuideachta a chinneadh le gnáthrúin. Mar sin féin, tá gá le rún speisialta chun bunreacht cuideachta a athrú.

Ní mór do chuideachtaí, seachas cuideachtaí le comhalta amháin, cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól laistigh de 15 mhí ón CGB deireanach. Cuimsíonn gnáthghnó an CGB na nithe seo a leanas:

- plé a dhéanamh ar ráitis airgeadais na cuideachta, ar thuarascáil na stiúrthóirí agus ar thuarascáil an iniúcháir;
- plé a dhéanamh ar aon mholadh ó na stiúrthóirí maidir le díbhinn a dhearbhu;
- stiúrthóirí nua a cheapadh chun dul i gcomharbas na stiúrthóirí a éiríonn as; agus
- iniúcháir a cheapadh nó a athcheapadh agus cinneadh a dhéanamh faoin méid a íocfar leo.

Ní mór do chuideachtaí fógra i scríbhinn faoi CGB agus faoin ngnó a phléifear ag an gcruinniú a thabhairt do chomhaltaí 21 lá ar a laghad roimh an gcruinniú.

Féadann stiúrthóirí cuideachta cruinniú ginearálta urghnách (CGU) a ghlaó i gcás go measann siad go bhfuil gá leis, mar shampla, chun cead na gcomhaltaí a fháil chun gníomh éigin a chur i gcrích, cosúil le athruithe ar bhunreacht na cuideachta a bhreithniú. Mar sin féin, *caithfidh* stiúrthóirí CGU a ghlaó má tharlaíonn sé, mar shampla, go dtiteann glan-sócmhainní na cuideachta (a cuid sócmhainní lúide a cuid fiach) chuig 50% nó níos lú de luach a scairchaipitil íoctha, an méid a d'íoc scairshealbhóirí as na scaireanna eisithe ag an gcuideachta.

Caithfidh cuideachtaí poiblí fógra 14 lá ar a laghad a thabhairt faoi CGU a thionól. Is é seacht lá an tréimhse fógra CGU do chuideachtaí príobháideacha, ach is féidir leis a bheith níos giorra ná sin i gcás go n-aontaíonn na comhaltaí agus iniúchóirí na cuideachta. Féadfaidh an íostréimhse fógra a bheith suas le 28 lá i gcás go mbeidh an cruinniú ag breithniú gnó ar leith.

Féadann comhalta nó roinnt comhaltaí cuideachta le 10% ar a laghad de scairchaipiteal íoctha agus de chearta vótála cuideachta éileamh ar stiúrthóirí na cuideachta CGU a ghlao. I gcás nach bhfuil scairchaipiteal ag cuideachta, féadann comhaltaí le 10% ar a laghad de na cearta vótála éileamh ar na stiúrthóirí an CGU a ghlao. Mura ndéanann na stiúrthóirí sin, féadann na comhaltaí an cruinniú a ghlao iad féin. Mura bhfuil sé praiticiúil cruinniú ginearálta a ghlao nó a stiúradh, féadann comhalta iarraidh ar an Ard-Chúirt a ordú go dtionólfar an cruinniú ar cibé bealach is cuí léi.

Féadann aon duine le ceart chun vóta a chaitheamh ag cruinniú ginearálta cuideachta duine a cheapadh ('seachvótálaí') chun freastal ar an gcruinniú thar a cheann agus chun leas a bhaint as a vóta. Féadann seachvótálaí labhairt ag an gcruinniú thar ceann an chomhalta freisin.

Ceart chun díbhinne

Is ionann díbhinn agus airgead a íocann cuideachta lena scairshealbhóirí óna cuid brabúis. Níl de cheangal dlí ar chuideachta díbhinn a dhearbhu agus ní féidir ach stiúrthóirí a mholadh cibé an íocfar nó nach n-íocfar í. Má tharlaíonn sin, caithfidh na scairshealbhóirí vóta a chaitheamh ina fabhar. Nuair a cheadaítear díbhinn, bíonn na scairshealbhóirí uile i dteideal íocaíochta.

Cásanna mainneachtana

Tá mainneachtain déanta ag cuideachta nó ag aon oifigeach (stiúrthóir, rúnaí agus araile) nuair nach gcloíonn siad le hAchtanna na gCuideachtaí. Má tharlaíonn sé sin, féadann comhalta fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta ag éileamh go gceartóidh an chuideachta nó an t-oifigeach an mhainneachtain laistigh de 14 lá. Mura ndéanann siad é sin, féadfaidh an comhalta iarraidh ar an Ard-Chúirt ordú don chuideachta nó don oifigeach an mhainneachtain a cheartú. Má tá CGB dlite thar téarma, féadann comhalta iarraidh ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (OSFC) ordú a thabhairt go dtionólfar é.

Imscrúduithe cuideachta

Féadann íoslíon comhaltaí cuideachta (100 comhalta, 20% de na comhaltaí iomlána nó na comhaltaí i seilbh 10% dá scairchaipiteal íoctha) iarraidh ar an Ard-Chúirt cigire a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na cuideachta agus chun tuairisc a thabhairt fúthu. Tá de rogha ag an gCúirt imscrúdú ar cibé ábhar is cuí léi a ordú nó féadfaidh sí diúltú don iarraitas. I gcás go n-ordófar imscrúdú, féadfaidh an Chúirt ordú do na comhaltaí maoiniú a chur ar fáil chun íoc as costais an imscrúdaithe freisin.

Cásanna leatrom

Tarlaíonn leatrom nuair a bhíonn stiúrthóirí ag réachtáil cuideachta ar bhealach nach dtéann chun leasa roinnt dá comhaltaí nó nuair a réachtálann siad í ar bhealach calaoiseach nó neamhdhleathach. D'fhéadfadh sé sin a chiallú, mar shampla, go bhfuil comhaltaí á n-eisiamh ó chruinnithe ginearálta na cuideachta nó go bhfuiltear ag diúltú rochtana ar ráitis airgeadais a thabhairt dóibh. Féadann comhalta a iarraidh ar an Ard-Chúirt cás dá leithéid a réiteach. Is féidir leis an gCúirt réiteach cuí a roghnú.

Ceartha réamhcheannaigh (cuideachtaí príobháideacha amháin)

Nuair a eisítear scaireanna nua i gcuideachtaí príobháideacha, tá ceart dlíthiúil chun an chéad diúltaithe do cheannach na scaireanna ag na scairshealbhóirí i gcomhréir lena scairsheilbh reatha. Mar sin féin, is féidir an ceart sin a bhaint i mbunreacht na cuideachta nó le comhaontú roimh ré ó na scairshealbhóirí a bhfuil 75% de scaireanna na cuideachta ina seilbh acu.

Foirceannadh

Féadann comhaltaí cinneadh a dhéanamh deireadh a chur le cuideachta le rún speisialta, nó, i gcás nach bhfuil sí in ann a cuid fiach a íoc, le gnáthrún. Déantar sin ag cruinniú ginearálta ag a gceaptar leachtaitheoir. I ndiaidh fhiacha na gcreidiúnaithe agus chostais an leachtaitheora a íoc, déantar aon airgead fágtha a roinnt idir na comhaltaí de réir a gcuid teidlíochtaí (ach amháin i gcás go ndéanann na hairteagail chomhlachais foráil de chineál éigin eile).

Féadann comhalta iarraidh ar an Ard-Chúirt cuideachta a fhoirceannadh:


- mura féidir leis an gcuideachta a cuid aidhmeanna a bhaint amach níos mó;
- mura dteastaíonn a thuilleadh ó chomhaltaí áirithe fanacht i ngnó le comhaltaí eile;
- mura féidir leis an mbainistíocht aontú ar conas gnó na cuideachta a chur chun cinn;
- má tá cuspóirí neamhdhleathacha ag an gcuideachta; nó
- má tá duine ag úsáid na cuideachta chun calaois a dhéanamh.

Cuideachtaí a chur ar ais ar an gClár

Nuair a scriostar cuideachta as Clár na gCuideachtaí, níl sí ar an saol níos mó. Féadann aon chomhalta iarratas a dhéanamh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) laistigh de 12 mhí chun an chuideachta a chur ar ais ar an gClár. Déanfaidh an CRO é sin i gcás go seolfaidh an chuideachta a cáipéisí dlite isteach agus i gcás go n-íocfaidh sí na táillí amuigh uile. I ndiaidh na tréimhse 12 mhí caithfidh comhalta iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an chuideachta a chur ara is ar an gclár.

Conclúid

Tá leabhar faisnéise níos mionchruinne ar chomhaltaí agus scairshealbhóirí ar fáil faoin Fhógra Cinnidh D/2002/1 ó www.osfc.ie.



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:



Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1, Éire



01 858 5800
Loghlao 1890 315 015



01 858 5801



info@odce.ie



www.osfc.ie